The draft regulations will require amendment to reflect the establishment of ESA. ESA, as the single employing authority, will be designated as the Compensating Authority for all grant-aided schools. It would be consistent with this approach for the relevant governing body to be designated as the Compensating Authority for each college of further education; and for the relevant employing authority to be so designated in relation to employment other than in a grant-aided school or FE college.

It is also proposed to amend the draft regulations to afford compensating

chúiteacha le haon chostas cúitimh a bhfuil siad freagrach as a íoc trí rogha a sholáthar costais mar seo a íoc trí suas le cúig thráthchuid bhliantúla.

Dá leanfaí ar aghaidh gan na hathruithe reachtacha molta, tharlódh méadú suntasach i ranníocaíochtaí pinsin dá dheasca. Bheadh tionchar gan iarraidh ar sheirbhísí túsline agus ar phá ghlan gach múinteoir, agus d'fhéadfadh sé tionchar díréireach a bheith aige ar mhúinteoirí óga, is dócha a bheidh ar phointí íochtaracha an pháscála. (Tá níos mó ban go comhréireach ar an bhanda is óige fosta).

Tá freagracht ar gach fostóir cloí le reachtaíocht comhionannais agus iad ag déanamh cinntí le foireann a dhífhostú. Beifear ag súil go bhforbróidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna polasaí ar iomarcaíocht agus ar scor roimh am agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm é agus go mbeidh siad sásta go gcomhlíonann an polasaí seo reachtaíocht comhionannais.

Ní mheasann an Roinn go mbeidh tionchar leithcheala nó aon tionchar diúltach ag na dréacht-rialacháin, ag cur comhshuíomh reatha gairm na múinteoireachta i gcuntas. Cuirfear córas ar bun áfach, le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na rialachán lena n-éifeacht ar na grúpaí ábhartha agus na foghrúpaí taobh istigh de na catagóirí comhionannais a dhearbhu. Má shíleann comhairlithe gur dócha go mbeidh aon

authorities greater flexibility in meeting any compensation costs for which they are liable by providing an option to pay such costs by up to five annual instalments.

To continue without the proposed legislative changes would lead to a significant increase in pension contributions. This would have an unwanted impact on frontline services and on the take-home pay of all teachers, and may impact disproportionately on younger teachers, who are more likely to be on the lower points of the pay scale. (The younger age bands also contain proportionately more women).

There is a responsibility on all employers to comply with equality legislation when making decisions to dismiss staff. The Education & Skills Authority will be expected to develop and implement policy on redundancy and premature retirement and be satisfied that this policy complies with equality legislation.

The Department does not consider that the draft regulations will have a discriminatory impact or any adverse impact, taking into account the current composition of the teaching profession. However, a system will be established to monitor the impact of the regulations in order to determine their effect on the relevant groups and sub-groups within the equality categories. If consultees think that the draft regulations would be likely to

tionchar diúltach ag na dréacht-rialacháin, chuirfeadh an Roinn fáilte roimh mholtaí a d'fhéadfadh tionchair mar sin a mhaolú agus roimh aon chomhrogha a d'fhéadfadh comhionannas deiseanna a chur chun cinn níos fearr.

have any adverse impacts, the Department would welcome suggestions on measures which might mitigate such impacts and any alternatives which might better promote equality of opportunity.

6. PROFÚ TUAITHE/RÉIGIÚNACH

Is é an aidhm atá leis an phrofú tuaithe/réigiúnach ná dearbhú an mbeidh tionchar difriúil ag na dréacht-rialacháin ar limistéir tuaithe ná a bheidh acu ar áiteanna eile.

Tá miondealú ar líon na scoileanna atá suite i limistéir Uirbeacha agus Tuaithe Rural de réir Bord Oideachais agus Leabharlann iniata ag larscríbhinn 3. Níl aon fhianaise ann le tabhairt le tuiscint go mbeidh tionchar diúltach ag na dréacht-rialacháin ar phobail tuaithe.

7. COMHAIRLIÚCHÁN FOIRMIÚIL

Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí

Is é Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí (TSCC) an fóram bunaithe do chomhairliúchán ar cheisteanna a bhaineann leis an NITPS. Cuimsíonn sé ionadaithe ó na cúig cheardchumann múinteoirí aitheanta, dhá cheardchumann a dhéanann ionadaíocht do léachtóir breisoideachais FE agus, ó 2007, ionadaithe na bhfostóirí ó earnálacha na scoileanna agus an bhreisoideachais. Cuireadh baill den Choiste ar an eolas den chéadair i Mí Feabhra 2006 go raibh gá le gníomhú le costais mhéadaithe an PRCS a rialú. Bhí PRCS mar mhír ar chlár cruinnithe ag gach cruinniú den TSCC ó shin. Bhí cruinnithe i Mí an Mheithimh 2006, Mí na Nollag 2006, Mí an Mheithimh 2007, Mí na Samhna 2007, Mí an

6. RURAL/REGIONAL PROOFING

The purpose of the rural/regional proofing is to determine whether or not the draft regulations will have a different impact on rural areas than elsewhere.

A breakdown of the number of schools located in Urban and in Rural areas by Education and Library Board is included at Annex 3. There is no evidence to suggest that the draft regulations will have an adverse impact on rural communities.

7. FORMAL CONSULTATION

Teachers' Superannuation Consultative Committee

The Teachers' Superannuation Consultative Committee (TSCC) is the established forum for consultation on matters relating to the NITPS. It comprises representatives of the five recognised teacher unions, two unions representing FE lecturers and, since 2007, employer representatives from both the school and further education sectors. Members of the Committee were first made aware in February 2006 that action was required to control the escalating costs of the PRCS. PRCS has featured as an agenda item at every meeting of the TSCC since then. Meetings were held in June 2006, December 2006, June 2007, November 2007, June 2008, November

Mheithimh 2008, Mí na Samhna 2008, Mí na Bealtaine 2009 agus Mí an Mheithimh 2009.

Grúpa Athbhreithnithe PRCS

Cuireadh fo-ghrúpa de chuid an Choiste, an Grúpa Athbhreithnithe PRCS (the PRCS Review Group), ar bun le hamharc ar roghanna leis na costais a bhaineann leis an scéim cúitimh as scor roimh am a bhainistiú agus le moltaí a thabhairt chun cinn. Is é a shainchúram ná roghanna a thabhairt chun cinn leis na costais a bhaineann leis an scéim cúitimh as scor roimh am a bhainistiú. Bhuail an Grúpa Oibre le chéile ar 26 Feabhra 2008, 7 Aibreán 2008, 25 Meitheamh 2008, 13 Samhain 2008, 5 Feabhra 2009 agus 27 Bealtaine 2009.

Cuimsíonn an Grúpa ionadaithe ón Roinn, fostóirí agus ceardchumainn mar seo a leanas:

6 ionadaí ón Roinn Oideachais (DE) (ina measc Cathaoir agus 1 ó ESAIT);
1 ionadaí ó DEL;
5 ionadaí fostóirí (4 ainmnithe ag Taobh Bainistíochta (Management Side) de chuid an TNC agus 1 ó ANIC); agus
7 n-ionadaí TUS: 1 ó gach ceann acu seo a leanas: ATL; INTO; NAHT; NASUWT; UTU; ACM & UCU.

2008, May 2009 and June 2009.

PRCS Review Group

A sub-group of the Committee, the PRCS Review Group, was set up to consider options to manage the costs of the premature retirement compensation scheme and to bring forward recommendations. Its remit is to bring forward options for managing the costs of the premature retirement compensation scheme. The Working Group met on 26 February 2008, 7 April 2008, 25 June 2008, 13 November 2008, 5 February 2009 and 27 May 2009.

The Group comprises representatives of the Department, employers and trade unions as follows:

6 representatives from DE (including Chair and 1 from ESAIT);
1 representative from DEL;
5 Employer representatives (4 nominated by Management Side of TNC and 1 from ANIC); and
7 TUS representatives: 1 each from ATL; INTO; NAHT; NASUWT; UTU; ACM & UCU.

Comhairliúchán Foirmiúil

D'eisigh na dréacht-rialacháin, chomh maith le Scagthástáil Chomhionannais na ndréacht-rialachán, faoi choinne chomhairliúchán foirmiúil ar 12 Márta 2009 do chomhlachtaí san earnáil oideachais, do gheallsealbhóirí eile, do chomhairlithe Alt 75 agus do pháirtithe leasmhara eile. Ina theannta sin, cuireadh ríomhphost chuig scoileanna agus fógraíodh an comhairliúchán ar the Belfast Telegraph, the Irish News, the Newsletter agus Foinse. Bhí an cháipéis ar fáil fosta trí láithreán gréasáin an DE. Dhruid an comhairliúchán ar 15 Bealtaine 2009. Leagtar achoimre de na buncheisteanna ó na freagairtí ar an chomhairliúchán amach ag larscríbhinn 2.

Measúnacht Tionchair Chomhionannais (MTC)

I ndiaidh breithniú ar na freagairtí ar an chomhairliúchán agus an Scagthástáil Chomhionannais, shocraigh an Roinn gur chóir MTC iomlán a dhéanamh. Is mian leis an Roinn mar sin, comhairliú chomh forleathan agus is féidir ar thionchair ionchais comhionannais na ndréacht-rialachán. Leanfaidh an Comhairliúchán na treoirphrionsabail ar chomhairliúchán ón Choimisiún Comhionannais atá ina dTreoir Phraiticiúil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais (Practical Guidance on Equality Impact Assessment). Le linn tréimhse an chomhairliúcháin cuirfidh an Roinn:

Public Consultation

The draft regulations, together with an Equality Screening of the draft regulations, issued for formal consultation on 12 March 2009 to bodies in the education sector, other stakeholders, Section 75 consultees and other interested parties. In addition, schools were emailed and the consultation was advertised in the Belfast Telegraph, the Irish News, the Newsletter and Foinse. The document was also available through the DE website. The consultation closed on 15 May 2009. A summary of the key issues from responses to the consultation is set out at Annex 2.

Equality Impact Assessment (EQIA)

Following consideration of responses to the consultation and Equality Screening, the Department has decided that a full EQIA should be carried out. The Department therefore wishes to consult as widely as possible on the potential equality impacts of the draft regulations. The Consultation will follow the Equality Commission's guiding principles to consultation contained in their Practical Guidance on Equality Impact Assessment. During the consultation period the Department will:

- scoileanna, grúpaí leasa oideachais, grúpaí reiligiúnacha, grúpaí Alt 75, gach geallsealbhóir a bhí páirteach i réamhchomhairliúchán ar na dréacht-rialacháin agus aon duine den phobal a iarrann é ar an eolas maidir le hoscailt an chomhairliúcháin agus go mbeidh doiciméad comhairliúcháin an MTC ar fáil;
- cóip de na doiciméid chomhairliúcháin ar láithreán gréasáin an DE agus nasc leis an chomhairliúchán ar láithreán gréasáin an OFMDFM trí Nasc Polasaí (Policy Link), mar aon le foirm freagartha comhairliúcháin ar líne;
- na doiciméid chomhairliúcháin ar fáil i bhformáid chomhroghnach dóibh siúd a iarrann é;
- socróidh sí cruinnithe comhairliúcháin nuair a iarrtar iad le daoine aonair nó le hionadaithe ó ghrúpaí leasa ar leith, ag cur aon riachtanas speisialta a bheadh acu i gcuntas; agus
- rachaidh sí i ngleic le haon cheist ar dhóigh phras.
- notify the opening of the consultation and the availability of the EQIA consultation document to schools, educational interest groups, religious groups, Section 75 groups, all stakeholders involved in prior consultation on the draft regulations and to any members of the public on request;
- place a copy of the consultation documents on DE's website and a link to the consultation on the OFMDFM website through Policy Link, together with an on-line consultation response form;
- make the consultation documentation available in alternative formats for those who request it;
- arrange consultation meetings on request with individuals or representatives of particular interest groups, taking account of any special requirements they may have; and
- deal with any queries in a prompt manner.

Tá an comhairliúchán seo á chomhordú ag Brainse Idirbheartaíochta agus Polasaí Pinsean na Múinteoirí (Teacher Negotiating & Pensions Policy Branch) agus is é 29 Eanáir 2010 an dáta deiridh.

The consultation is being co-ordinated by Teacher Negotiating & Pensions Policy Branch and the closing date is 29 January 2010.

8. CINNEADH ÓN ÚDARÁS POIBLÍ

Déanfaidh an Roinn anailís ar na freagairtí ar an chomhairliúchán agus cuirfidh sí cinneadh an MTC i gcuntas sula ndéanann sí aon chinneadh deiridh ar na dréacht-rialacháin .

Beidh sonraí na mbeart maolaithe san áireamh san moltaí deireanacha a chuirfear i láthair agus an cinneadh á dhéanamh. Má tharlaíonn sé nach nglacfar le comhroghanna mar seo tabharfar na fáthanna uile.

9. FOILSIÚ THORTHAÍ NA MEASÚNACHTA TIONCHAIR CHOMHIONANNAIS

Foilseofar torthaí an MTC seo nuair a fhógraítear na cinntí. Cuirfear cóip de cháipéis na dtorthaí chucu sin a thugann freagairt ar an chomhairliúchán agus cuirfear suas ar láithreán gréasáin na Roinne é. Cuirfear ar fáil í fosta i bhformáidí comhroghnacha nuair a iarrtar iad.

10. MONATÓIREACHT DO THIONCHAR DIÚLTACH SA TODHCHAÍ AGUS FOILSIÚ TORTHAÍ NA MONATÓIREACHTA SEO

Baileofar sonraí ar bhonn bliantúil maidir leis an tionchar atá ag an athrú polasaí ar na grúpaí agus na fo-ghrúpaí ábhartha taoh istigh de na catagóirí comhionannais chomh maith le líon na scor roimh am. Má thaispeánann an mhonatóireacht agus an anailís seo ar thorthaí

8. DECISION BY THE PUBLIC AUTHORITY

The Department will analyse the responses to the consultation and take the findings of the EQIA into account before making any final decisions on the draft regulations.

Details of mitigation measures will be included in the final recommendations presented during decision making. In the event that such alternatives are not accepted full reasons will be given.

9. PUBLICATION OF RESULTS OF EQUALITY IMPACT ASSESSMENT

The results of this EQIA will be published when decisions are announced. A copy of the results document will be sent to those who respond to the consultation and will be posted on the Department's website. It will also be made available in alternative formats when requested.

10. MONITORING FOR ADVERSE IMPACT IN THE FUTURE AND PUBLICATION OF THE RESULTS OF SUCH MONITORING

Data will be collected on an annual basis about the effect the policy change is having on the relevant groups and sub-groups within the equality categories as well as the number of premature retirements. If this monitoring and analysis of results over a

thar tréimhse dhá bhliain tionchar atá níos diúltaí ná a rabhthas ag dúil leis, nó má thagann deiseanna chun tosaigh a cheadódh comhionannas deiseanna níos fearr a chur chun cinn, déanfar athbhreithniú ar na rialacháin mar aon le polasaithe ábhartha na n-údarás fostaíochta le dearbhú an féidir fothorthaí níos fearr a bhaint amach do na grúpaí comhionannais ábhartha.

two-year period shows a greater adverse impact than expected, or if opportunities arise which would allow for greater equality of opportunity to be promoted, the regulations will be reviewed along with the employing authorities' relevant policies to determine whether better outcomes for the relevant equality groups may be achieved.

SANAS TÉARMAÍ

GLOSSARY OF TERMS

ACM	Association of College Managers (Cumann na mBainisteoirí Coláiste)	ACM	Association of College Managers
ANIC	Association of NI Colleges (Cumann na gColáistí TÉ)	ANIC	Association of NI Colleges
ATL	Association of Teachers agus Lecturers (Cumann na Múinteoirí agus na Léachtóirí)	ATL	Association of Teachers and Lecturers
DE	Department of Education (An Roinn Oideachais)	DE	Department of Education
DEL	Department for Employment agus Learning (An Roinn Fostaíochta agus Foghlama)	DEL	Department for Employment and Learning
BOL	Education agus Library Board (Bord Oideachais agus Leabharlann)	ELB	Education and Library Board
MTC	Equality Impact Assessment (Measúnacht Tionchair Chomhionannais)	EQIA	Equality Impact Assessment
ESA	Education agus Skills Authority (Údarás Oideachais agus Scileanna)	ESA	Education and Skills Authority
ESAIT	Education agus Skills Authority Implementation Team (An Fhoireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna)	ESAIT	Education and Skills Authority Implementation Team
FE	Further Education (Breisoideachas)	FE	Further Education
GAD	Government Actuary's Department (Roinn Achtúire an Rialtais)	GAD	Government Actuary's Department
GTC (NI)	General Teaching Council for NI (an Chomhairle Ghinearálta Teagaisc do TÉ)	GTC (NI)	General Teaching Council for NI
INTO	Irish National Teachers' Organisation (Cumann Múinteoirí Éireann)	INTO	Irish National Teachers' Organisation
NAHT	National Association of Head	NAHT	National Association of Head

	Teachers (Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí)		Teachers
NASUWT	National Association of Schoolmasters/Union of Women Teachers (Cumann Náisiúnta na Máistrí Scoile/Aontas na mBanmhúinteoirí)	NASUWT	National Association of Schoolmasters/Union of Women Teachers
NIAO	NI Audit Office (Oifig Iniúchóireachta)	NIAO	NI Audit Office
NITPS	NI Teachers' Pension Scheme (Scéim Pinsean Múinteoirí TÉ)	NITPS	NI Teachers' Pension Scheme
OFMDFM	Office of First Minister agus Deputy First Minister (Oifig an Chéad-Aire agus an leasChéad-Aire)	OFMDFM	Office of First Minister and Deputy First Minister
PAC	Committee of Public Accounts (Westminster) (Coiste Cuntas Poiblí)	PAC	Committee of Public Accounts (Westminster)
PRCS	Premature Retirement Compensation Scheme (Scéim Cúitimh as Scor Roimh Am)	PRCS	Premature Retirement Compensation Scheme
RPA	Review of Public Administration (Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí)	RPA	Review of Public Administration
TNC	Teacher Negotiating Committee (Coiste Idirbheartaíochta na Múinteoirí)	TNC	Teacher Negotiating Committee
TSCC	Teachers' Superannuation Consultative Committee (Coiste Comhairliúcháin Aoisliúntais na Múinteoirí)	TSCC	Teachers' Superannuation Consultative Committee
TUS	Trade Union Side (Taobh na gCeardchumann)	TUS	Trade Union Side
UCU	University agus College Union (Aontas na nOllscoileanna agus na gColáistí)	UCU	University and College Union
UTU	Ulster Teachers' Union (Aontas Múinteoirí Uladh)	UTU	Ulster Teachers' Union

Achoimre ar Fhreagairtí ar an Phróiseas Comhairliúcháin maidir le Dréacht-Rialacháin na Múinteoirí (Cúiteamh as Iomarcaíocht agus as Scor Roimh Am) Rialacháin (TÉ) 2009 agus leasuithe comhlántacha ar Rialacháin Aoisliúntais na Múinteoirí (TÉ) 1998

I ndiaidh cead a fháil ón Aire Oideachais, eisíodh na dréacht-rialacháin le haghaidh comhairliúcháin foirmiúil ar 12 Márta 2009 do chomhlachtaí san earnáil oideachais, do gheallsealbhóirí eile, do dhaoine a ndeachthas i gcomhairle leo i dtaca le hAlt 75 agus do pháirtithe leasmhara eile. Chomh maith leis sin, seoladh ríomhphost chuig scoileanna agus fógraíodh an próiseas comhairliúcháin sna nuachtáin seo a leanas: Belfast Telegraph, The Irish News, News Letter agus Foinse. Bhí an cháipéis ar fáil trí láithreán Gréasáin na Roinne Oideachais fosta. Cuireadh deireadh leis an phróiseas comhairliúcháin ar an 15 Bealtaine 2009.

Tá achoimre le fáil thíos ar na príomh-shaincheisteanna ó na freagairtí a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin. Rinneadh anailís ar gach freagairt agus rinne an Roinn breithniú iomlán ar na saincheisteanna a ardaíodh.

Fuarthas freagairtí ó 77 eagraíocht/duine aonair sna catagóirí seo a leanas:

Summary of Consultation Responses to the Draft Teachers' (Compensation for Redundancy and Premature Retirement) Regulations (NI) 2009 and complementary amendments to the Teachers' Superannuation Regulations (NI) 1998.

Following approval from the Minister for Education, the draft regulations issued for formal consultation on 12 March 2009 to bodies in the education sector, other stakeholders, Section 75 consultees and other interested parties. In addition, schools were emailed and the consultation was advertised in the Belfast Telegraph, the Irish News, the Newsletter and Foinse. The document was also available through the DE website. The consultation closed on 15 May 2009.

Below is a summary of the key issues from the responses during the consultation process. Each response has been analysed and issues raised have been fully considered by the Department.

Responses were received from 77 organisations/individuals in the following

categories.

Príomhoide/Leas-phríomhoide	17	Principal / VP	17
Múinteoir	41	Teacher	41
Gobharnóir Scoile	1	School Governor	1
Údaráis/ Eagraíochtaí Fostaíochta	5	Employing Authorities /Organisations	5
Ceardchumann Mhúinteoirí	6	Teachers Unions	6
Comhairlí Áitiúla	2	Local Councils	2
Ranna Rialtais	2	Government Departments	2
Eile	3	Other	3
lomlán	77	Total	77

Bhí na freagairtí diúltach den chuid is mó. I dtaca leis an cheist shonrach – **An bhfuil tú sásta go bhfuil gá don Roinn na rialacháin seo a dhéanamh?** Ba é 80.5% céatadán na n-eagraíochtaí a bhí ag easaontú go láidir; bhí 9.1% ag aontú agus bhí 10.4% ann nár aontaigh ná nár easaontaigh (féach briseadh síos na bhfigiúirí sa tábla thíos). Bhí Údaráis Fostaíochta sásta tacaíocht a thabhairt don mholadh gur chóir athruithe a dhéanamh ar na rialacháin. Bhí an t-ábhar inní a d'ardaigh ceardchumann mhúinteoirí le linn an phróisis comhairliúcháin tríd an ghrúpa athbheithnithe le fáil i bhformhór na bhfreagairtí ó mhúinteoirí. Cé gur aontaigh thar 10% de na freagróirí go raibh gá leis na rialacháin d'ardaigh na freagróirí uile beagnach (iad siúd a d'aontaigh go bhfuil gá leis na rialacháin san áireamh) saincheist amháin nó níos mó a bhaineann leis na téamaí seo a leanas:

- Cúrsaí Airgid
- Tionchar ar mhúinteoirí

Responses were mainly negative. In relation to the specific question - **Are you content that there is a need for the Department to make these regulations?** The percentage of organisations directly expressing disagreement was 80.5%, 9.1% were in agreement and 10.4% neither agreed nor disagreed (see breakdown of figs in table below). Employing Authorities were supportive of the need for changes to the regulations. The vast majority of responses from teachers echoed concerns raised by teacher unions during consultation through the review group. Although over 10% of respondents agreed there was a need for the regulations almost all respondents (including those who agreed with the need for the regulations) raised one or more specific issues falling under the following themes:

- Financial
- Impact on teachers

- Saincheisteanna Oideachais
- Uainiú
- Comhionannas
- Cúrsaí Reachtaíochta
- Cúrsaí Comhairliúcháin
- Athfhostú múinteoirí atá ar scor.

- Educational issues
- Timing
- Equality
- Legislative
- Consultation
- Re-employment of retired teachers.

Catagóir na Freagartha	TÁ	NÍL	Níl mé cinnte	Níor tugadh freagra
Príomhoide/Leasphríomhoide	0	15	2	0
Múinteoir	0	41	0	0
Gobharnóir Scoile	0	1	0	0
Fostóir	4	0	1	0
Ceardchumann Mhúinteoirí	1	4	0	1
Comhairlí Áitiúla	0	0	0	2
Ranna Rialtais	1	0	0	1
Eile	1	1	0	1
Iomlán	7	62	3	5
%	9.1	80.5	3.9	6.5

Response Category	YES	NO	Not Sure	Did Not Answer
Principal / VP	0	15	2	0
Teachers	0	41	0	0
School Governor	0	1	0	0
Employer	4	0	1	0
Teacher Unions	1	4	0	1
Local Councils	0	0	0	2
Govt Depts	1	0	0	1
Others	1	1	0	1
Total	7	62	3	5
%	9.1	80.5	3.9	6.5

Cúrsaí Airgid

Thug ceithre fhreagróir is fiche a dtuairimí ar chúrsaí airgid. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Níor tugadh go leor airgid d'fhostóirí le ligean dóibh íoc as an chostas bhreise a bhaineann le dul ar scor roimh am, rud a chiallaíonn nach féidir le fostóirí a lucht oibre a bhainistiú go héifeachtach.
- Bunaithe ar an fhoirmle chomh-mhaoinithe, beidh níos lú maoinithe ann de bharr go bhfuil líon na ndaltaí ag titim, rud a chiallaíonn gur gá gearradh siar i líon na múinteoirí. Má táthar chun é sin a éascú trí luathscor deonach

Financial

Twenty four respondents made comments about financial issues. The main themes raised were as follows:

- Insufficient funds have been made available to employers to enable them to pay the extra cost of premature retirement resulting in employers being unable to manage their workforce effectively.
- Based on the common funding formula, declining pupil numbers will result in reduced funding which in turn will require reductions in teaching staff. If this is to continue to be facilitated by encouraging

múinteoirí a spreagadh, ní mór go leor maoinithe a chur ar fáil lena chinntiú nach mbeidh gá le hiomarcaíocht éigeantach.

- Caithfear ciste teagmhais a chruthú le cibé deacrachtaí a réiteach má chruthaítear na hathruithe ar an dáta a mholtar.
 - Easpa eolais maidir leis an mheicníocht mhaoinithe a úsáidfear.
 - Is féidir airgead a shábháil trí mhúinteoirí atá fostaithe ar phointí níos airde ar an scála tuarastail a scaoileadh agus múinteoirí nuacháilithe a fhostú.
 - Ba chóir an choigilteas cuí a dhéanamh trí choigilteas i gcúrsaí riaracháin i ranna rialtais.
 - Ba chóir comparáid a dhéanamh idir na costais do shaoire bhreuiteachta i gcomparáid leis an choigilteas a mheastar a sholáthróidh na moltaí nua.
 - Tá na múinteoirí atá ag fáil Liúntas Teagaisc sa scoil ina bhfuil siad faoi láthair i dteideal Liúntas Atheagrúcháin lena dtuarastal a choinneáil ag an leibhéal ag a bhfuil sé anois mura n-éiríonn leo post freagrachta a fháil sa scoil nua nó post freagrachta ag an leibhéal céanna. Ba chóir an costas
- voluntary early retirement of teachers, sufficient funding needs to be allocated to avoid the need for compulsory redundancy.
 - There needs to be a contingency fund created to resolve any difficulties created if the changes are created on the proposed date.
 - Lack of detail on the actual funding mechanism that will be used.
 - Savings can be made from releasing teachers employed on higher salary scale points and employing newly qualified teachers.
 - The necessary savings should be made through administrative savings in government departments.
 - A comparison should be made between the costs for sickness absence compared with the savings which the new proposals are expected to provide.
 - Teachers in receipt of a Teaching Allowance in their existing school are entitled to a Reorganisation Allowance to retain their salary at its existing level if they are unsuccessful in obtaining a post of responsibility in the new school or a post of responsibility at the same level. This

breise sin a chur san áireamh.

- Tá seans níos mó ann go dtógfar cásanna sa chúirt oibreachais agus tá neart costais ag baint lena leithéid de chásanna a chosaint, am na bhfostóirí san áireamh.

additional cost would have to be accounted for.

- Increased risk of challenges at industrial tribunal and the associated costs including employers' time defending such cases.

Tionchar ar mhúinteoirí

Chuir aon fhreagróir is seachtó béim ar an tionchar a bheidh ag na rialacháin ar mhúinteoirí. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Múinteoirí níos sine nach bhfuil ábalta dul ar scor, rud a mhéadaíonn leibhéal struis phearsanta; maítear go mbíonn múinteoirí “dóite amach” faoin am a bhfuil siad sna luath 50í.
- Ba chóir don Roinn Oideachais athbreithniú a dhéanamh ar phroifíl na gairme agus ar an tacaíocht a sholáthraítear do mhúinteoirí a fhéadfaidh a bheith ag fulaingt ó bheith “dóite amach” ach ab é sin.
- Ba chóir múinteoirí atá níos sine a spreagadh le dul ar scor le fostú múinteoirí atá níos óige a éascú.
- Beidh múinteoirí a ghlacann le luathscor deonach thíos leis ar bhonn airgid.

Impact on Teachers

Seventy one respondents highlighted an impact on teachers. The main themes raised were as follows:

- Older teachers unable to retire early creating an increase in personal stress levels; it is suggested that teachers' are “burnt out” by their early 50's.
- The Department of Education should review the career profile and support provided for teachers who may otherwise suffer from “burn out”.
- Older teachers should be encouraged to leave the profession to facilitate the employment of younger teachers.
- Teachers accepting voluntary early retirement will be financially

- Deiseanna le haghaidh ardú céime laghdaithe.
- Beidh sé níos deacra do Mhúinteoirí Nuacháilithe obair a fháil.
- Níor chóir laghduithe achtúireacha a chur i bhfeidhm i gcásanna iomarcaíochta ar nós riachtanais churaclaim, druidim nó cónascadh scoileanna.

Saincheisteanna Oideachais

Thug ceithre fhreagróir is tríocha tuairimí ar an tionchar ar chúrsaí oideachais. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Má choinnítear baill foirne a bheadh sásta dul ar luathscor agus ligean do mhúinteoirí atá níos óige a gcuid oibre a dhéanamh; is dócha go mbeidh drochthionchar aige sin ar chaighdeán an oideachais a sholáthraítear laistigh de scoileanna.
- Tá ganntanas múinteoirí in Albain, i Sasana & sa Bhreatain Bheag fad is go bhfuil barrachas múinteoirí i dtuaisceart na hÉireann.
- Beidh na daltaí thíos leis de bharr go mb'fhéidir nach mbeidh múinteoirí atá níos sine ábalta riachtanais úra

disadvantaged.

- Reduced promotion opportunities.
- Newly Qualified Teachers will find it more difficult to obtain work.
- Actuarial reductions should not be applied in redundancy cases such as curricular needs, closure or amalgamation of schools.

Educational Issues

Thirty four respondents commented on the impact on education. The main themes raised were as follows:

- There is likely to be an adverse impact on the quality of education provision within schools arising from the retention of staff who otherwise would have accepted early retirement and been replaced by younger teachers.
- Scotland, England & Wales have a shortage of teachers while the north of Ireland has a surplus.
- Pupils will suffer as older teachers may be unable to deliver new curriculum requirements and

curaclaim a sheachadadh agus glacadh le hathruithe teicneolaíochta sna seomraí ranga.

- Cuirfidh na hathruithe bac ar Bhoird Ghobharnóirí agus ar Údaráis Fostaíochta iomarcaíochtaí deonacha a chinntiú leis na himpleachtaí a bhaineann le meanma foirne, rialúchán agus cúrsaí airgid i bhfógairt na nIomarcaíochtaí Éigeantacha.
- Baineann Pleanáil Cheantarbhunaithe leis na riachtanais oideachais a bheidh ag ceantar áirithe san am atá le teacht agus pleanáil le freastal ar na riachtanais sin. Is é an chuspóir lárnach atá ag Pleanáil Cheantarbhunaithe go leor áiteanna oideachais a chur ar fáil tríd an mheascán cheart d'áiseanna den mhéid cheart, sna suíomhanna cearta. Níl an sprioc sin á baint amach i láthair na huaire – tá toilleadh barrachais nach beag ann, tá scoileanna áirithe ag streachailt le líon na ndaltaí ar rolla ag titim, agus níl aon chomhpleanáil ann trasna na n-earnálacha éagsúla. Leis an bhunspríoc de Phleanáil Cheantarbhunaithe a bhaint amach, bunaithe ar an titim dhéimeagrafach agus laghdú ar líon na n-áiteanna reatha breise, caithfear scoileanna a dhúnadh, a chuíchóiriú agus a chónascadh. Ciallóidh sé sin go mbeidh níos lú post múinteoireachta de dhíth agus beidh laghdú i líon na múinteoirí dá bharr.

embrace technological changes in classrooms.

- The changes will inhibit Boards of Governors and Employing Authorities securing voluntary redundancies with the associated staff morale, governance and financial implications in the declaration of Compulsory Redundancies.
- Area Based Planning is about anticipating the future education needs of an area and planning to meet those needs. Its central objective is to provide a sufficiency of education places through the appropriate mix of facilities of the right size, in the right locations. At present this objective is not being achieved – there is significant surplus capacity, struggling schools with falling rolls and no integration of planning across the different sectors. To meet this key objective of Area Based Planning, based on demographic downturn and reduction of current surplus places, school closures, rationalisation and amalgamations will have to occur. This will result in fewer teaching posts being required which in turn will require reductions in teaching staff. Without the Teachers' Premature Retirement Compensation

Gan Scéim Cúitimh na Múinteoirí maidir le Scor Roimh Am a bheith ann, beidh sé sin thar a bheith deacair do na comhlachtaí cuí a bhaint amach.

- Tá tuairiscí ag teacht ó scoileanna ar bhonn rialta i dtaca leis na buntáistí don phróiseas foghlama má úsáidtear múinteoirí atá níos óige go háirithe i réimse scileanna ICT agus úsáid na scileanna sin sa seomra ranga.
- Thiocfadh laghdú ar líon na n-áiteanna do mhúinteoirí faoi oiliúint de bharr nach mbeadh oiread múinteoirí nua de dhíth. Caithfimid a bheith cúramach lena chinntiú go gcoinníonn áiseanna oiliúna múinteoirí an toilleadh le freastal ar níos mó éilimh sa todhchaí agus nach mbíonn ganntanas múinteoirí i dtuaisceart na hÉireann, mar atá an scéal faoi láthair i Sasana & sa Bhreatain Bheag.
- Caithfear comhoibriú na foirne a chinntiú sna scoileanna atá le druidim/cónascadh lena chinntiú go dtarlóidh an druidim/cónascadh beartaithe gan stró agus le meanma agus tacaíocht na gCeardchumann a choinneáil. Is léir ón taithí go mbíonn tionchar thar a bheith diúltach ag iomarcaíochtaí éigeantacha ar an lucht oibre agus scriosann siad dea-chaidrimh tionsclaíochta sna scoileanna.

Scheme in place, this will prove very difficult for the relevant bodies to achieve.

- There are consistent reports from schools in relation to the benefits for learning from the engagement of the younger cohort of teachers especially in the area of ICT skills and their application to the classroom.
- A reduction in the number of new teachers required would result in a corresponding reduction in the number of teacher training places. We need to be careful to ensure that teacher training facilities retain the capacity to cope with a future upturn in demand and the north of Ireland does not end up, as is the current position in England & Wales, with a future shortfall of teachers.
- The co-operation of staff in the schools concerned for closure/amalgamation must be secured in order to ensure that the proposed closure/amalgamation proceeds smoothly and to sustain teacher morale and Trade Union support. Experience demonstrates that compulsory redundancies are disproportionately demoralising on the workforce and undermine good industrial relations in schools.

Uainiú

Thug dhá fhreagróir is fiche tuairimí ar uainiú na n-athruithe. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Ba chóir na hathruithe a chur siar go dtí deireadh phróiseas cuíchóirithe na scoileanna.
- Ba chóir moill a chur ar na hathruithe seo go dtí go mbunófar ESA.
- Tá na hathruithe á ndéanamh róghasta; ba chóir na hathruithe a dhéanamh de réir a chéile nó moill a chur orthu.
- Tá easpa soiléireachta ann dóibh siúd a bheidh thíos le hiomarcaíocht. Ba chóir moill a chur ar na moltaí agus/nó iad a thabhairt isteach de réir a chéile.
- Chuir roinnt príomhoidí agus múinteoirí a scor ar athlá le fanacht i scoileanna ar cuireadh a druidim ar ceal ar feadh bliana agus dá bharr sin chaill siad amach ar an seans rochtain a fháil ar a bpinsean.
- Tá na hathruithe á dtabhairt isteach róghasta agus rachaidh siad i bhfeidhm ar na Coláistí Oiliúna Múinteoirí.

Timing

Twenty two respondents commented on the timing of the changes. The main themes raised were as follows:

- Changes should be deferred until the completion of the school rationalisation process.
- These changes should be delayed until the establishment of ESA.
- The changes are being made too quickly; the changes should be phased in or delayed.
- There is a lack of clarity for those affected by redundancy. The proposals should be delayed and/or phased in.
- A number of principals and teachers have deferred their retirement to stay in schools whose closure has been postponed for a year and as a result have now lost out on the ability to access their pension.
- The changes are being rushed through and will impact on the intake upon Teacher Training Colleges.

Cúrsaí Reachtaíochta

Thug aon fhreagróir déag tuairimí ar a bhfuil ann sa reachtaíocht. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Ba chóir Coláistí Breisoideachais a shainiú mar Údaráis Chinniúna agus Chúiteacha.
- Níor chóir aon rogha a bheith i gCuid 2.
- Níl aon sainmhíniú sonrath ar an fhostóir.
- Ba chóir na rialacháin a leasú le ligean do líon múinteoirí a chruthú le tacú le scoileanna, rud a chinnteoidh nach mbeidh aon iomarcaíochtaí éigeantacha ann.
- Níl sé soiléir ó Chuid 4 de na rialacháin atá molta an mbaineann an cúiteamh éigeantach seo le scor roimh am ar bhonn scaoileadh éifeachtacht fheidhm an fhostóra agus ní i gcás go ligean fostóir do mhúinteoir éirí as go luath ach le buntáistí achtúireachta laghdaithe.
- Ní shonraítear mionleibhéal an leasa.

Legislative

Eleven respondents commented on the actual content of the legislation. The main themes raised were as follows:

- Further Education Colleges should be designated as both Deciding and Compensating Authorities.
- There should be no discretion in Part 2.
- There is no specific definition of the employer.
- The regulations should be amended to allow for a pool of teachers to be created to support schools thus ensuring no compulsory redundancies.
- It is unclear from Part 4 of the proposed regulations if this mandatory compensation only applies in the event of premature retirement on efficiency discharge grounds of the employers function and not when an employer permits a teacher to retire early but with actuarially reduced benefits.
- The minimum level of benefit is not specified.

- Níl aon sainmhíniú ar an téarma “suas go dtí uasmhéid”.
- Ba chóir scéim íoschéimnithe a chur le chéile do Phríomhoidí le caitheamh go cothrom leo.
- Ba chóir go mbeadh an modh trína gcinntítear toradh barúlach infheistíochta a bheith faoi réir iniúchadh oscailte agus trédhearcach ag an chomhlacht aitheanta caibidlíochta.
- There is no definition of the term “up to a maximum”.
- A step down scheme for Head Teachers should be devised to treat them equally.
- The method by which notional investment outcome is determined should be subject to open and transparent scrutiny by the recognised negotiating body.

Saincheistanna Comhionannais

Thug aon fhreagróir is fiche tuairimí ar shaincheistanna comhionannais de thairbhe na n-athruithe. D'iarr cúig fhreagróir déag go ndéanfaí MTC iomlán agus thug 4 acu sin fáthanna mionsonraithe. Seo a leanas na príomhthéamaí a ardaíodh:

- Tá socruithe nua leatromach in éadan múinteoirí atá os cionn 50 anois, a mbeidh orthu oibriú níos faide anois agus a bheas thíos leis ó thaobh cúrsaí sláinte dá bharr.
- De réir mar a fhanann múinteoirí atá níos sine ag obair i scoileanna, beidh sé níos deacra do mhúinteoirí nuacháilithe obair a fháil. Tá seans níos mó ann go mbeidh ar mhúinteoirí atá níos óige glacadh le hiomarcaíocht éigeantach.
- Beidh tionchar ann i dtéarmaí inscne de

Equality Issues

Twenty-one respondents commented in relation to equality issues arising as a result of the changes. Fifteen respondents requested that a full EQIA should be carried out and, of these, 4 gave detailed reasons. The main themes raised were as follows:

- New arrangements are discriminatory against teachers now over 50, who will have to work longer and whose health may suffer as a result.
- As older teachers remain longer in employment, newly qualified teachers will find it more difficult to obtain work. Younger teachers will be more likely to suffer compulsory redundancy.
- There will be an impact in terms of

siocair an ardchoibhneas banmhúinteoirí, go háirithe sna réimsí aoise atá níos ísle.

